Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12707/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0235 (COD)**

**PECHE 256**
**CADREFIN 188**
**FIN 1065**
**CODEC 1251**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11757/25 + COR 1 + COR 2 REV 1 |
| Ábhar: | Coinníollacha a bhunú maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais don Chomhbheartas Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais 2028-2034<br>• Cur i láthair ón gCoimisiún<br>• Díospóireacht bheartais |

1. An 16 Iúil 2025, thíolaic an Coimisiún a thogra le haghaidh Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034[1], chomh maith le tograí gaolmhara éagsúla. Forlíonadh iad sin leis an dara pacáiste tograí a glacadh an 3 Meán Fómhair.

2. Tá difríocht shuntasach idir an CAI atá beartaithe agus an creat atá ann faoi láthair. Tá líon ard rialachán agus clár ann faoi láthair ach, don chistiú ón Aontas amach anseo, tá sé ceaptha iad sin a ionadú le bosca uirlisí amháin agus níos lú cistí. Faoin togra, tagann an tacaíocht faoi thrí cinn de réimsí substainteacha móra: (1) comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, talmhaíocht, rathúnas agus slándáil tuaithe agus muirí; (2) iomaíochas, rathúnas agus slándáil; agus (3) An Eoraip Dhomhanda.

[1] 11691/25 + ADD 1.

3. Is faoin gCiste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil[2], a fhoráiltear go príomha go gcuirfear tacaíocht ar fáil don iascach, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéin, don dobharshaothrú agus don bheartas muirí, mar chuid de Phleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (CNR). Déantar rialacha sonracha le haghaidh cur chun feidhme oibríochtaí a leagan amach sa togra earnáilsonrach i leith na gcoinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais Eorpaigh don Chomhbheartas Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéin agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais mar chuid den Chiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí[3].

4. Tá tús curtha ag comhlachtaí ullmhúcháin éagsúla de chuid na Comhairle le scrúdú a dhéanamh ar na tograí a thagann faoina sainchúram. Tá tús curtha ag an Meitheal um an mBeartas Iascaigh le scrúdú a dhéanamh ar an togra earnáilsonrach maidir le coinníollacha le haghaidh tacaíocht a thabhairt don Chomhbheartas Iascaigh agus d’earnálacha bainteacha, cé is moite d’fhorálacha a bpléann an Mheitheal Ad Hoc maidir le CAI leo go díreach. Scrúdóidh foghrúpa na Meithle Ad Hoc maidir le CAI a phléann le Pleananna CNR na forálacha sin faoina sainchúram a bhaineann leis an iascach.

5. Iarrtar ar an gComhairle díospóireacht bheartais a reáchtáil maidir leis an togra earnáilsonrach, agus ar an gcaoi sin treoir a chur ar fáil maidir le scrúdú breise a dhéanamh ar an togra i gcomhlachtaí ullmhúcháin ábhartha na Comhairle.

---

[2] 11815/25 REV 1 + ADD 1 + ADD 2 + COR 1.
[3] 11757/25 + COR 1 + COR 2 REV 1.